



Ollscoil Mhá Nuad

Scoil an Léinn Cheiltigh Teagascóir Gaeilge (Páirtaimseartha 0.5 FTE, Conradh 4 bliana)

An ról

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do straitéis ina bhfuil príomhspricanna na hOllscoile, taighde agus scoláireacht, agus oideachas den scoth, fite fuaite ina chéile agus ina léirítear an meas céanna ar an dá ghné.

Tá Teagascóir Gaeilge á lorg ag an Ollscoil le tacú le teagasc agus measúnú na Gaeilge i Scoil an Léinn Cheiltigh. Beidh an té a cheapfar freagrach do Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil.

Tá ról tábhachtach ag an Teagascóir Gaeilge i seachadadh cuid mhór de chlár acadúla na hOllscoile, agus ceaptar í/é go príomha chun páirt a ghlacadh sa teagasc taobh istigh de chlár soiléir agus seanbhunaithe teagaisc, trí ranganna a mhúineadh do ghrúpaí mac léinn, ar fochéimithe iad den chuid is mó, mar gheall ar ghnéithe faoi leith den chlár. Cuireann an Teagascóir Teanga cabhair agus tacaíocht ar fáil do mhic léinn agus iad ag cur leis an tuiscint atá acu ar phríomhthopaicí an chúrsa agus ar eochairphointí foghlama an chlár.

Príomhdualgais

Beidh ar an Teagascóir Gaeilge tabhairt faoi pé dualgais a shonróidh an Ollscoil taobh istigh d'uaireanta oibre an chonartha, i sásamh Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge. Féadfaidh na dualgais seo a leanas a bheith i measc na ndualgas sin, ach níl siad teoranta dóibh:

- Cuidiú le curaclam na Gaeilge a theagasc trí na meáin seo a leanas: ranganna teagaisc, léachtaí, ceardlanna teanga, clinicí teanga (ina múinfear scileanna éagsúla teanga agus cumarsáide, lena n-áirítear an Ghaeilge labhartha agus scríofa, chomh maith le scileanna cluastuisceana agus léamhthuisceana);
- Ábhar teagaisc a dhearadh, a bhailiú agus a uasdátú, lena úsáid i ranganna teanga ar an gcampas agus i gcúrsaí cianfhoghlama agus i gcúrsaí foghlama cumaisc;



- Dul i gcomhairle le Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge agus le baill eile na Scoile le forbairt agus uasdátú a dhéanamh ar an gcuraclam teanga;
- An t-ullmhúchán riachtanach go léir a dhéanamh chun go mbeifear in ann ábhar na gcúrsaí a mhúineadh, an fhoghlaim idirghníomhach a threorú, eolas a thabhairt agus ceisteanna na mac léinn a fhreagairt;
- Anailís a dhéanamh ar riachtanais na mac léinn, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann siad, aiseolas éifeachtach a thabhairt dóibh go rialta, agus aon ábhar inní i dtaca le feidhmíocht na mac léinn a chur ar a s(h)úile d'Eagraí an Chúrsa;
- Páirt a ghlacadh, faoi mhaoirseacht, in obair chúrsa, scrúduithe scríofa nó cineálacha eile measúnaithe a cheartú agus a mharcáil;
- Cuidiú le scrúduithe cainte;
- Cinntiú go ndéantar go tráthúil an riarachán cuí a bhaineann le cúrsaí/cláir agus láimhseáil sonraí;
- Freastal ar chruinnithe agus páirt a ghlacadh le baill eile foirne i bhforbairt straitéisí eile teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear dearadh agus teagasc modúl nó teagasc sainithe taobh istigh de réimse an ábhair;
- Freagracht a ghlacadh as an trealamh go léir a úsáidtear, cinntiú go gcloítear leis na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta go léir, gníomhú chun timpeallacht shábháilte a áirithiú, agus aon ábhar inní a chur ar a s(h)úile do Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge nó a (h)ainmní siúd;
- Cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar na cúrsaí teanga a dhéanann na mic léinn sa Ghaeltacht;
- Coinneáil bord ar bhord le forbairtí sa teangeolaíocht fheidhmeach, agus an dea-chleachtas agus an nuálaíocht sa teagasc agus sa mheasúnú teanga a chur chun cinn i gcónaí;
- Cuidiú le tionscadail taighde Lárionad na Gaeilge, de réir mar is cuí;
- Dualgais eile a bhaineann le teagasc agus measúnú na Gaeilge a chomhlíonadh, de réir mar a shonraíonn Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge.

Beidh ag an iarrthóir is oiriúnaí:

- Céim onóracha ar a laghad sa Ghaeilge agus iarchéim ábhartha;
- Ardleibhéal inniúlachta agus cruinnis sa Ghaeilge, idir scríofa agus labhartha (C1 TEG nó a chomhionann);
- Sárscoilteanna teagaisc;
- Cáilíocht i dteagasc teangacha nó sa teangeolaíocht fheidhmeach, nó spéis tabhairt faoi staidéar sna réimsí sin;
- Taithí ábhartha ar theagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal agus/nó ar an teagasc ríomhchuidithe;
- Cur amach maith ar churaclam na Gaeilge in institiúidí tríú leibhéal;
- Taithí ar a bheith ag dearadh ábhar teagaisc agus acmhainní foghlama, agus tuiscint ar an dea-chleachtas a bhaineann leis na réimsí sin;
- Sárscoilteanna riaracháin, eagrúcháin, obair bhuíne agus cumarsáide;
- Scileanna maithe ríomhaireachta.

An Ollscoil

Is ollscoil faoi leith í Ollscoil Mhá Nuad, institiúid choláisteach atá dírithe ar an eolaíocht agus ar an innealtóireacht, ar na daonnachtaí agus ar na heolaíochtaí sóisialta, chomh maith leis an taighde, an teagasc agus an rannpháirtíocht sa phobal. Tá an Ollscoil suite i Maigh Nuad, an t-aon bhaile ollscoile in Éirinn, agus cuireann stair agus oidhreacht uathúil an bhaile go mór le carachtar agus le féiniúlacht na hinstitiúide. Cuirtear oideachas ar ardchaighdeán ar fáil don bhreis is 13,500 mac léinn ar an gcampas, áit a bhfuil stair an 18ú haois agus nuálaíocht an 21ú haois araon ag baint léi.



Ó bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad mar ollscoil phoiblí neamhspleách fiche bliain ó shin, tá forbairt shuntasach straitéiseach agus éachtaí as cuimse déanta aici, rud atá ina údar iontach mórtais do bhaill foirne, do mhic léinn, do chéimithe agus do phobal na hOllscoile araon. Aithnítear Ollscoil Mhá Nuad anois i measc na n-ollscoileanna óga is fearr ar domhan, agus í sa 43ú háit sa liosta is déanaí de 'Ollscoileanna Óga' atá foilsithe ag Times Higher Education (THE). Tá an dea-cháil atá ar Ollscoil Mhá Nuad ar fud an domhain bunaithe ar roinnt gnéithe; ina measc, nuálaíocht, ardchaighdeán, tábhacht agus tionchar a cuid taighde agus scoláireachta; an tiomantas don oideachas agus don fhoghlaim; caighdeán na gclár acadúil; agus an cheannaireacht atá léirithe aici chun an rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Is iad tiomantas na mball foirne agus fuinneamh agus rannpháirtíocht na mac léinn is cúis leis an rath seo atá ar an Ollscoil.

Is áit í Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil roinnt codarsnachtaí ag baint léi; institiúid nua-aimseartha í atá ag fás go tapa, agus í dírithe ar an taighde agus rannpháirteach i sochaí an lae inniu, ach tá sí fréamhaithe freisin sna buanna acadúla agus sna traidisiúin léinn a bhaineann léi go stairiúil. Cuireann an Ollscoil réimse leathan clár fochéime, iarchéime agus dochtúireachta ar fáil sna daonnachtaí, san eolaíocht agus innealtóireacht, sna heolaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear an gnó, an dlí agus an t-oideachas, chomh maith le cláir agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

Cothaíonn an cultúr uathúil comhghleacúil atá le fáil in Ollscoil Mhá Nuad cur chuige idirdhisciplíneach i leith an taighde, cur chuige a chuireann ar chumas na foirne acadúla dul i ngleic le cuid de na dúshláin is mó atá le sárú ag sochaí an lae inniu. Daingníonn institiúidí agus ionaid taighde na hOllscoile tionchar na hoibre sin, trí phobail bhriomhara foghlama, fionnachtana agus chruthaitheachta a chothú. Bíonn an taighde ag croílár an teagaisc san Ollscoil freisin, agus is ábhar bróid don Ollscoil é go bhfuil an taighde agus an teagasc ar comhchéim san institiúid.

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do na luachanna seo a leanas:

- críochnúlacht i gcúrsaí léinn;
- saoirse acadúil;
- ionracas agus iompraíocht eiticiúil;
- coláisteacht, trédhearcacht agus iontaobhas;
- comhionannas, ionchuimsitheacht agus ceartas sóisialta;
- feabhas oibríochtúil, solúbthacht eagraíochtúil agus freagrúlacht;
- dínit, meas agus cúram don duine aonair

Plean Straitéiseach 2018 - 2022

Tá an mhuintín mar bhonn le Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22: Is ollscoil í Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil uaillmhian, fíis agus luachanna aici, chomh maith le féiniúlacht agus aidhm shoiléir. Tá go leor spriocanna bainte amach cheana féin aici, agus an chosúlacht ann go mbeidh an-rath uirthi amach anseo. Tógann an Plean Straitéiseach ar an méid atá bainte amach go dtí seo ag an Ollscoil, agus dírithear fuinneamh institiúideach agus acmhainní ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an taighde agus ar an oideachas iarchéime.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag <http://www.maynoothuniversity.ie/about-us/university-strategic-plan>.

Dámh agus Institiúidí Taighde

Tá Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta comhdhéanta de Ranna na Sean-Chlasaicí, na Staire, an Cheoil, na Fealsúnachta, Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Scoil an Bhéarla, Staidéar Meán agus Amharclainne agus an institiúid



taighde, an Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí. Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na rann éagsúil, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na rann agus tacú le cláir idir-rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad.

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil

Is aonad de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh é Lárionad na Gaeilge, a tháinig in áit Ionad na dTeangacha agus atá ag tógáil ar an obair cheannródaíoch a rinneadh san Ionad ar feadh breis is fiche bliain. Is é misean Lárionad na Gaeilge teagasc agus oiliúint teanga ar ardchaighdeán a chur ar fáil, a fhreagraíonn d'athruithe i gcomhthéacs an oideachais san Ollscoil féin, sa phobal a bhfreastalaíonn an Ollscoil air agus ar bhonn idirnáisiúnta.

Tá teist na nuálaíochta ar obair an Lárionaid ó bunaíodh é agus féachann muid i dtreo an dea-chleachtais idirnáisiúnta le cinntiú go mbíonn an taighde, teagasc agus tástáil, atá mar chrann taca na hoibre, ar an gcaighdeán is airde.

I dteannta leis an teagasc teanga a dhéantar do Roinn na Nua-Ghaeilge, do ranna eile ollscoile, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne, tairgeann an Lárionad an Diplóma Iarchéime agus an MA san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne), an Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta (ar líne), an Dianchúrsa i Scríobh na Gaeilge (ar líne) agus Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG).

Is é Lárionad na Gaeilge ball na hÉireann san Association of Language Testers in Europe (ALTE) agus bronnadh Q-Mharc ALTE ar an Lárionad do scrúduithe TEG. Tá an Séala Eorpach Teanga bainte trí huaire ag an Lárionad. Chomh maith leis na cúrsaí agus na scrúduithe, cuirtear acmhainní d'fhoghlaimeoirí Gaeilge ar fáil ar shuíomh idirlín na hOllscoile, ina measc Vifax don Ghaeilge, a bhfuil paitinn ag Ollscoil Bordeaux na Fraince air, agus a ghnóthaíonn os cionn 100,000 amas sa bhliain.

Bunaítear obair an Lárionaid ar an taighde agus an dea-chleachtas i réimse an mheasúnaithe teanga agus na teangeolaíochta feidhmí agus is gnách go dtógann muid tograí taighde ar láimh agus go gcuireann muid comhdhálacha ar siúl sna réimsí seo. Déanann muid measúnú teanga chomh maith do ranna acadúla eile in Ollscoil Mhá Nuad agus in ollscoileanna eile mar chuid de thograí taighde.

Is gné thábhachtach de obair an Lárionaid na gníomhaíochtaí for-rochtana idir na cúrsaí ar líne thuasluaite agus ionaid scrúduithe TEG ar fud na hÉireann agus thar lear. Lena chois sin eagraíonn muid ranganna Gaeilge sa Centre Culturel Irlandais i bPáras na Fraince agus cuireann muid tacaíocht ar fáil do theagascóirí in áiteanna eile ar fud na cruinne i dtaca le teagasc na Gaeilge.

Faoi láthair, tá dháréag d'fhoireann lánaimseartha ag obair sa Lárionad chomh maith le foireann pháirtaimseartha, idir theagascóirí agus scrúdaitheoirí painéil.

Roghnúchán agus Ceapachán

- Ní thabharfar cuireadh chun agallaimh ach d'iarrthóirí a n-éireoidh leo an gearrliosta a bhaint amach;
- Beidh ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh scrúdú scríofa agus cur i láthair gairid a dhéanamh;
- Déanfaidh an tUachtarán ceapacháin a fhaomhadh i bhfianaise thuairisc an bhoird roghnúcháin;
- Táthar ag súil go réachtálfar na hagallaimh ar líne le linn na seachtaine dar tús 23 Lúnasa;



- Táthar ag súil go mbeidh feidhm leis an gceapachán ón 30 Lúnasa 2021, nó a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.

Téarmaí agus Coinníollacha

Is post páirtaimseartha é seo (0.5 den chonradh lánaimseartha), ar feadh 4 bliana / go dtí 31/08/2025. Is ceapachán ceithre bliana a bheidh sa phost faoi réir Reachтана na hOllscoile.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Is mór ag Ollscoil Mhá Nuad an saibhriú a thagann le pobal ilghnéitheach agus féachaimid le comhionannas a chur chun cinn, le leatrom a sheachaint agus le cearta daonna an uile dhuine a chosaint. Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár dtiomantas don Chomhionannas agus Éagsúlacht, is féidir Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad [Equality and Diversity Policy](#) a léamh. Lena chois sin, mar institiúid a bhfuil [Athena SWAN Bronze Award](#) bainte amach aici, tá muid tiomanta do chur chun cinn comhionannais inscne ar fud na hOllscoile. Féachaimid le héagsúlacht an phobail sin a riaraimid air a léiriú agus fáiltímid roimh iarratais ó chách.

Dlí Cosanta Sonraí

Déanfaidh Ollscoil Mhá Nuad próiseáil ar shonraí pearsanta a thugann tú mar chuid de d'iarratas ar an ról seo de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 2018.

Má éiríonn le d'iarratas agus má ghlacann tú le tairiscint fostaíochta ag Ollscoil Mhá Nuad, leanfar de phróiseáil do shonraí pearsanta de réir Fhógra príobháideachais Sonraí Foirne Ollscoil Mhá Nuad.

Is féidir na fógraí príobháideachais agus tuilleadh eolais a bhaineann le cosaint sonraí, ar a n-áirítear polasaithe agus próisis eile um chosaint sonraí Ollscoil Mhá Nuad, a fheiceáil ag <https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection>

Tuarastal

Teagascóir Ollscoile: €37,472 – €48,561 p.a. pro rata (7 bpointe)

Déanfar an ceapachán de réir threoirínte pá na Roinne Airgeadais.

Ceapfar iontrálaithe nua san eanáil phoiblí ar an gcéad phointe de scála pá an Teagascóra Ollscoile.

An Próiseas Iarratais

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bpost trínár **dTairseach Earcaíochta ar Líne** ag an nasc seo a leanas: <https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies>

Dáta deiridh: 23:30 (am na hÉireann) Dé Domhnaigh, 15 Lúnasa 2021



Caithfear iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am a shonraítear thuas. Cealóidh an córas go huathoibríoch iarratais atá fós idir lámha ag an am deiridh ar an dáta deiridh sonraithe. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

**Is fostóir comhdheiseanna í Ollscoil Mhá Nuad
Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile**

